CEACHT 23

PISCÍNÍ



Pictiúr: Radharc:

Máire agus Bríd ag caint, bosca na bpiscíní ar an talamh, Máire agus Bríd ag féachaint orthu, an cat mór ina sheasamh in aice leo; piscín le cur i láimh Mháire agus sa chiorcal cainte de réir mar a oireann, Aintín Máire, comhartha ceiste. Féilire a úsáid chun "cúpla lá ó shin", "tar éis seachtaine" a léiriú.

Céim 4: Ramhar, tanaí, láidir, trom.

Gníomhartha agus geáitsíocht a úsáid de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Fuair Máire cat óna haintín. Bhí piscíní ag an gcat cúpla lá ó shin. Tá siad ina luí sa bhosca anois. Tá Máire agus Bríd ag féachaint orthu.

Agallamh

MÁIRE: Nach bhfuil siad go hálainn ar fad?
BRÍD: Tá. Níl a súile oscailte fós.
MÁIRE: Osclóidh siad a súile i gceann seachtaine.
BRÍD: Ba mhaith liom piscín dom féin.
MÁIRE: Tabharfaidh mé ceann duit nuair a bheidh siad mór.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Fuair Máire rud éigin óna haintín?
Agus céard a tharla cúpla lá ó shin?
Cá bhfuil siad anois?
Céard atá Máire agus Bríd a dhéanamh?

A "Mháire", céard (cad) a deir tú fúthu?
Freagair í, a "Bhríd".
Agus céard faoina súile?
Céard a dhéanfaidh siad tar éis seachtaine, a "Mháire"?
Ar mhaith leat ceann a bheith agat, a "Bhríd"?
An dtabharfaidh tú ceann di, a "Mháire"?
Cén uair? (Cathain)?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. *Fuair* Máire cat.
   (*anois, gach lá, amárach;* ní, an?: *inné;* ní, an?: *amárach*).
2. Bhí piscíní ag an gcat *cúpla lá* ó shin.
   (*bliain, mí, seachtain*).
   Na páistí a mhealladh chun abairtí eile a chumadh a mbeidh *cúpla lá* (*seachtain*) *ó shin* i ndeireadh gach abairte acu.
3. Tá siad ina *luí.*
   (*suí, seasamh, codladh, dúiseacht*).
4. Nach bhfuil (tá) siad *go hálainn*?
   (*ramhar, tanaí, láidir, trom*).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Páiste ag cur síos ar a chat féin sa bhaile.
3. Dráma beag:
   beirt pháiste ag tabhairt bia don chat.
4. Nuair a d'éirigh Máire ar maidin bhí an cat imithe:
   scéal nó dráma a chumadh.
5. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Ó féach ar an gcat,
Is le Máire í,
Tá piscíní aici anois
Is tá siad sa bhosca.

Curfá
Mí-abha, mí-abha,
Na piscíní, na piscíní
Mí-abha, mí-abha,
Na piscíní sa bhosca.

II

Ó tá a súile dúnta
Mar tá siad fós ró-óg,
Tar éis naoi lá osclófar iad
Beidh ceann beag bán do Mháire.

Curfá